Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Rúisis

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ SCRÍOFA**
**220 MARC**

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Saincheisteanna teanga**

**Caighdeán na Gaeilge:** Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.

**Teanga an fhreagra:** Má scríobhtar freagra sa teanga mhícheart:

| | |
|---|---|
| Nuair ba chóir gur Gaeilge a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna (seachas sa triail chluastuisceana nuair nach bhfuil aon phionós i gceist nuair a thugtar freagra sa teanga mhícheart) |
| Nuair ba chóir gur Rúisis a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna |

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí; déanfaidh ceachtar acu.
- Baintear úsáid as an gcomhartha suimithe [+] chun coincheapa/smaointe laistigh de fhreagra a dheighilt; bronntar marc as gach gné i sraith de … + … + … + suas go dtí an t-uasmhéid atá léirithe don cheist.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.

**ROINN I: LÉIRTHUISCINT (120 marc) Freagair na ceisteanna 1, 2 agus 3.**
**C.1. Léirthuiscint (50 marc) [40 + 10]**

- ***Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.***
- ***San áit a mbaineann iarrthóir úsáid as an eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann na marcanna is mó don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnógacha timpeall ar an bhfreagra eile lena léiriú gur ábhar dúbailte atá ann ar bronnadh marcanna ina leith cheana.***
- ***Nuair a thugtar gné de fhreagra le tuiscint ach nach luaitear í, ná bronn marcanna as an ngné sin.***
- ***Nuair a chuireann iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap le chéile mar aon cheann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], ag léiriú scileanna maithe sintéisithe ar an tslí sin, bronn marc as gach coincheap.***
- ***Bronn 2 mharc as gach sonra.***

**1.i. Fuair an scéalaí glao teileafóin ó Nikolai tráthnóna Dé Sathairn. Tabhair dhá shonra faoin nglao teileafóin seo. 2 x 2 = 4**

**bronn dhá mharc:** ag 6 a chlog + bhí a chara (chairde) ag iarraidh teacht / fanacht leis / cuairt a thabhairt air + tháinig a chara (chairde) go haerfort Sheremetyevo / i dtír in aerfort Sheremetyevo / Mhoscó + bhí a chara (chairde) ag iarraidh a fháil amach an raibh sé sa bhaile + cad a bhí sé ar bun aige

**bronn marc amháin:** tháinig a chara

**gan aon mharcanna:** sa tráthnóna

**1.ii. Tabhair dhá shonra faoin mbaint atá ag Nikolai leis an scéalaí. 2 x 2 = 4**

**bronn dhá mharc:** tá siad ina gcairde le fada + ina gcairde scoile / ina gcomhscoláirí / bhí aithne acu ar a chéile ón scoil / d'fhreastail siad ar an scoil chéanna + bhí siad ina ndlúthchairde + d'fhreastail siad ar scoil 207 + roinn siad deasc scoile le chéile

**bronn marc amháin:** bhí siad ina gcairde

**1.iii. Bhog teaghlach Nikolai go dtí Cathair Pheadair. Tabhair sonra amháin mar mhíniú ar an aistriú. 1 x 2 = 2**

**bronn dhá mharc:** Fuair athair Nikolai post (tairiscint/deis phoist)/ ardú céime / ba dheis a fhaightear uair amháin sa saol é + príomhdhochtúir / ceann leighis / ceann na foirne leighis

**2.i. Cathain agus cén áit ar bhuail Nikolai agus Natasha lena chéile den chéad uair? Tabhair dhá shonra. 2 x 2 = 4**

**2.ii. Cathain agus cén comhthéacs inar tháinig bláth ar ghrá Nikolai agus Natasha dá chéile? Tabhair dhá shonra. 2 x 2 = 4**

***Glac le ceann ar bith de na sonraí atá liostaithe thíos mar fhreagra ar cheachtar ceist.***

**bronn dhá mharc:** ag scrúduithe máithreánach/iontrála na hollscoile + ag scrúdú matamaitice + in Ollscoil Chathair Pheadair + sa bhliain 2001 + bhí Nikolai ag streachailt le ceist/fadhb mhatamaitice sa scrúdú + bhreathnaigh Nikolai thart ar an halla scrúdaithe + chonaic sé cailín/Natasha sa halla scrúdaithe + ba ghrá ar an gcéad amharc é

**bronn dhá mharc:** ar an ollscoil + bhí siad le chéile in amharclann (cumann) mac léinn / óige + bhí spéis acu sna rudaí céanna + sa chúigiú bliain (dá gcuid staidéir)

**bronn marc amháin:** i bhfad ó shin + sa 5ú bliain [cúrsa *(sic)*]

**3.i. Conas a chaith siad go léir an chéad tráthnóna le chéile? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**
**bronn dhá mharc:** labhair siad + d'ith siad dinnéar le chéile / fuair siad greim le hithe + chuaigh siad a luí

**3.ii. Tabhair sonraí faoi dhá áit a ndeachaigh Nikolai agus Natasha an lá dar gcionn.(6 mharc)2 x 3 = 6**
**bronn dhá mharc:** Turas ar Mhoscó + radharc lánléargais ar an gcathair / ar Mhoscó + ón 23ú hurlár / ag an mbarr + an ollscoil + músaem / Gailearaí Tretyakov / Gailearaí ealaíne + Kuskovo + pálás / Díthreabh / seaneaglais / grianán / fochla + siopa leabhar
**bronn marc amháin:** gailearaí / músaem + thug siad cuairt ar an ollscoil

**3.iii. Cén fáth a raibh cuairt Nikolai chomh gearr sin? 1 x 2 = 2**
**bronn dhá mharc:** bhí orthu/air (dul ar ais) ag obair (an lá dár gcionn / Dé Luain)

**4.i. Cén chaoi ar chaith an scéalaí an lá? Tabhair dhá shonra. 2x 2 = 4**
**bronn dhá mharc:** d'éirigh sé go déanach + labhair sé ar an teileafón + léigh sé leabhar / úrscéal eachtraíochta + d'amharc sé ar leanaí agus iad ag imirt eitpheile / sa chlós + thug a dheirfiúr cuairt air + thug Nadezhda cuairt air + labhair siad le chéile + d'ith siad lón + bhí sé ag iarraidh cuairt a thabhairt ar thaispeántas ach bhí sé mall + d'amharc sé ar an teilifís sa tráthnóna (an tráthnóna sin/ar fad)
**bronn marc amháin:** d'amharc sé ar scannán + d'amharc sé ar (...) spéisiúil

**4.ii. Cad a gheall an scéalaí dó féin nuair a d'imigh a chuid cuairteoirí?**
**Tabhair dhá shonra. 2 x 2 = 4**
**bronn 4 mharc:** a chuid am saor a chaitheamh ar bhealach ciallmhar / go ciallmhar / go torthúil /ar bhealach níos fearr / gan a chuid am saor a chur amú + saoire sheachtaine a ghlacadh + fámaireacht a dhéanamh in imeall / purláin / timpeallacht máguaird Mhoscó + dul go Kolomenskoe + cuairt a thabhairt ar áiteanna stairiúla na Rúise
**bronn marc amháin:** am saor a chaitheamh + cuairt a thabhairt ar Mhoscó

**1.2. Léirthuiscint teanga**
**Briathra: Tabhair infinideach/foirm foclóra /инфинитив na mbriathra seo a leanas as an téacs. Tabhair marc amháin as gach freagra ceart. 6 x 1 = 6**
**NÁ bronn marcanna sa chás go bhfuil an t-infinideach sa ghné mhícheart.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| появился | появиться | зазвонил | зазвонить |
| ходили | ходить | занимаешься | заниматься |
| переезжают | переезжать | предложили | предложить |

**1.3. Roghnaigh dhá cheann de na focail /frásaí ar an liosta thíos agus tabhair dhá shonra i mBéarla / i nGaeilge nó i Rúisis mar mhíniú ar gach ceann díobh.**
**Bronn 1 mharc as gach sonra ábhartha 2 x 2 = 4**
1. Церковь
2. Третьяковская галерея
3. Санкт-Петербург

**Q.2 Achoimriú 50 marc**

C.2.1. Léigh an blag seo a leanas. Scríobh achoimre i nGaeilge ar ábhar gach Roinne de réir na dtreoracha. Bronntar marcanna as ábharthacht an ábhair agus as scileanna achoimrithe.

***4 x 10 = 40***

*Bronn 2 mharc as gach aon cheann de na 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS 2 mharc lánroghnacha le bronnadh ar iarrthóirí*

- *A léiríonn/a fhorbraíonn a gcuid smaointe go soiléir*
- *A chuireann fianaise ar chumas sintéisithe ar fáil.*
- *A chuireann sonraí breise ar fáil.*
- *A léiríonn an cumas chun na príomhphointí a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.*

*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha nuair a léiríonn iarrthóirí tuiscint fhoriomlán ach go ndéanann siad earráidí faoin sonra / nuair a fhágann siad amach an sonra nó nuair atá eolas ábhartha ina gcuid freagraí ach nach bhfuil comhleanúnachas iontu.*

*Níl aon mharcanna do shonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Níl aon mharcanna do shonraí atá ar fáil sa cheist.*

*Ní féidir marcanna aonair a bhronnadh as páirtsonraí (e.g.) ach ina leithéid de chásanna go mbeadh an sonra intuigthe ag cainteoir aonteangach Gaeilge.*

*Is féidir marcanna lánroghnacha a bhronnadh nuair a sholáthraíonn iarrthóirí fianaise gur thuig siad roinnt mhaith den sonra ach nach bhfuil ar a gcumas an méid a thuigeann siad a léiriú i nGaeilge atá intuigthe (nuair a scríobhann siad, mar shampla, focail Rúisise ina gcuid freagraí).*

*Mura n-éiríonn le hiarrthóir gach cuid/fochuid de cheist a fhreagairt, ná bronn níos mó ná 1 mharc lánroghnach)*

**1. Pléann an t-údar an bailiúchán mar chaitheamh aimsire. Tabhair ceithre shonra.(4 x 2)+2=10**

**Príomhphointí:** bhailigh gach duine rud éigin ag am éigin + is féidir le duine rud ar bith / rud amháin nó cuid mhór rudaí a bhailiú + is féidir le duine stopadh agus tosú + DHÁ CHEANN DÍOBH SEO A LEANAS: stampaí (ná bronn marcanna as '*marcanna*'; bronn leath na marcanna atá ar fáil as 'postas'), boinn, airgead, scannáin + is de rogha phearsanta an rud a bhailíonn tú + tá sé úsáideach rudaí áirithe a bhailiú + d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach stampaí a bhailiú + tá sé úsáideach leabhair a bhailiú má léitear iad

**Sonraí tánaisteacha:** is féidir leo siúd ar maith leo ceol dioscaí / póstaeir / ticéid cheolchoirme a bhailiú + tugann bailiú stampaí deis duit eolas a fháil ar thíortha/chathracha éagsúla / is féidir le duine foghlaim faoi stair/thíreolaíocht + má bhaintear úsáid as leabhair chun seilfeanna a líonadh in ionad iad a léamh, níl siad úsáideach.

**2. Déan cur síos ar chaitheamh aimsire Masha agus ar dhearcadh a tuismitheoirí maidir leis. Tabhair ceithre shonra. (4 x 2)+2=10**

**Príomhphointí – sonra amháin ar a laghad maidir leis an máthair agus sonra amháin maidir leis an athair:** Bhailigh Masha grianghraif d'aisteoirí / de réaltaí scannán + bhí a gcuid ballaí clúdaithe le grianghraif + ba chuma le hathair Masha + ní raibh aithne aige ar na daoine sa ghrianghraif / níor aithin sé iad + ní raibh sé ina choinne + chuir na grianghraif isteach air uaireanta/chuir siad isteach air agus é tuirseach (ach bhí sé sin annamh) + bhí máthair Masha an-sásta/ sásta / tógtha go raibh caitheamh aimsire ag a hiníon + bhí máthair Masha an-sásta go raibh bailiúchán a hiníne chomh mór sin / níos mó ná bailiúcháin daoine eile

**Sonraí tánaisteacha:** Fear láidir + fear gnóthach a bhí in athair Masha + ba stiúrthóir ar mhonarcha mhór é + ba ghnách le máthair Masha bréagáin a bhailiú + ní féidir a mheas go bhfuil sé úsáideach grianghraif de réaltaí a bhailiú

**Ná bronn marcanna iomlána as na sonraí seo a leanas:** bhailigh sí grianghraif d'ealaíontóirí / de dhaoine cáiliúla + ghlac sí grianghraif d'ealaíontóirí

**3. Tá Masha dúghafa lena caitheamh aimsire. Tabhair ceithre shonra.** **(4 x 2)+2=10**

**Príomhphointí:** Mhalartaigh/thrádáil Masha leabhair ar ghrianghraif + grianghraif de dheartháireacha (seachas aisteoirí) + (scríobhadh sí litreacha de shíor chuig) irisí (Rúiseacha agus eachtracha) ag iarraidh grianghraif d'aisteoirí (éagsúla) + d'fhéadfadh sí cuardach a dhéanamh gach áit / dóigh agus andóigh a chuardach / sa chathair ar fad (chun grianghraf a fháil) + chuaigh (roinnt) grianghraif (thábhachtacha) de chuid an teaghlaigh ar iarraidh / cuireadh aghaidheanna coimhthíocha / strainséirí ina n-áit + bhí a tuismitheoirí trína chéile

**Sonraí tánaisteacha:** d'iarr sí ar a hathair í a thabhairt go Moscó + níl irisí ann chun grianghraif d'aisteoirí a thabhairt do dhaoine + grianghraif dá máthair agus dá hathair in Essentuki + grianghraif dá máthair i Muir na Seapáine/sa Mhuir Thoir + dá hathair ar chapall + dá seanathair agus bonn/cros Georgievski aige + dá seanmháthair in éineacht le naonúr leanaí

**4. Tá caitheamh aimsire Masha tar éis cur isteach ar a saol go léir. Tabhair ceithre shonra.** **(4 x 2)+2=10**

**Príomhphointí:** ní raibh sí ag iarraidh scaradh óna bailiúchán / le ceann ar bith dá cuid grianghraf + ní raibh sí ag iarraidh / in ann stopadh / éirí as + ní raibh fonn uirthi dul amach / an teach a fhágáil (dul chuig an bpictiúrlann / an amharclann / an zú / an músaem) / ní raibh fonn uirthi dul áit ar bith + peil + chaill sí a lán laethanta scoile + ní raibh aon spéis aici sa scoil nuair a bhí sí ann + níor smaoinigh sé faoi rud ar bith seachas na grianghraif nach raibh aici + chaill sí a lán deiseanna

**Sonraí tánaisteacha:** bhí an iomad cóipeanna de ghrianghraif áirithe aici agus ba ghnáth léi stánadh go folamh / bhí cuma fholamh ar a haghaidh

**Léirthuiscint teanga**

**1.** Meaitseáil na focail seo a leanas, a roghnaíodh as an gcéad alt sa téacs, le hainmneacha na ranna cainte.

**Tabhair dhá mharc as gach freagra ceart.** **5 x 2 = 10**

| | |
|---|---|
| 5 / briathar/verb/ глагол | коллекционировал |
| 1 / aidiacht/adjective/ имя прилагательное | личное |
| 4 / forainm/pronoun/ местоимение | нас |
| 3 / réamhfhocal/preposition/ предлог | из |
| 2 / ainmfhocal/noun/ имя существительное | вещи |

**Q.3 Struchtúrú dioscúrsa leanúnach**

***2 mharc as gach freagra ceart agus 1 mharc as fhreagra a thugtar idir lúibíní 10 x 2 = 20***

| | |
|---|---|
| 9<br>(1) | Совсем не обязательно всегда носить с собой документы. Но каждый должен представить  паспорт и визу для того, чтобы обменять деньги, купить билет на поезд, заказать гостиницу и для ряда других ситуаций. |
| 7 | Заявления на обучение в российских университетах собираются ежегодно с 1 мая по 15 октября. |
| 10<br>(8) | Вам может понадобиться некоторое количество денег на  разные услуги, экскурсии, сувениры, подарки или что-нибудь ещё. Вы можете купить на почте телефонную карту, чтобы позвонить домой. |
| 6 | Учебный год состоит из двух семестров. Первый семестр: с 1 сентября по 25 января. Второй семестр: с 9 февраля по 30 июня. По окончании каждого семестра, в январе и в июне, студенты сдают экзамены по каждому предмету. |
| 3 | Иностранным студентам предлагают дополнительные уроки по русскому языку. |
| 5 | Студенты российских университетов обязаны посещать все лекции. Таким образом, существует возможность работать только после аудиторных занятий или во время каникул или в выходные дни. |
| 4 / 2 | Ежегодно организуются образовательные выставки для студентов, где рассказывается об университетах, размере оплаты и длительности обучения. Также у каждого университета есть свой веб-сайт. |
| 2 | Существует программа подготовительного факультета. Студенты посещают занятия, выполняют практические и домашние задания. |
| 1<br>(9) | Миграционная карта  является обязательным документом для каждого иностранного студента и, следовательно, является важным документом. |
| 8<br>(10) | Средний размер расходов - 3500-4500 американских долларов в учебный год, включая плату за обучение, страхование жизни и здоровья, питание. |

**ROINN II – GRAMADACH, ÚSÁID TEANGA AGUS SCRÍBHNEOIREACHT FAOI STIÚIR [100 marc]**

**Q.1 Léigh an téacs seo a leanas. Scríobh na focail idir lúibíní san fhoirm cheart. (30 marc)**

***DHÁ mharc as gach foirm cheart 15 x 2 = 30***

***Sa cheacht seo tá freagraí ceart nó mícheart:***

- ***Ná bronn marcanna má tá an focal litrithe/athscríofa go mícheart.***
- ***Bronn leath na marcanna atá ar fáil má bhaintear úsáid mhíchuí as Cás Uachtair nó as Cás Íochtair.***

РАНЬШЕ И СЕЙЧАС

Меня зовут Таня Климова. Мы с родителями и сёстрами живём в городе Редмонд штата Вашингтон в Соединённых Штатах Америки. Раньше мои родители и старшая сестра Оля жили в Санкт-Петербурге в России. Мы с моей младшей сестрёнкой Верой родились уже в Америке. Когда я была маленькой, я ходила в детский сад, а сейчас я учусь в начальнойшколе. Вера раньше сидела с мамой дома, а сейчас ходит в русский детский сад. Оля раньше училась в школе, а сейчас она учится в колледже. Мама и папа в России преподавали в университете. Здесь папа работает программистом в Майкрософте, а мама опять преподаёт в университете. У нас есть эрдельтерьер Вуди. Когда он был маленьким, он часто писал и какал в доме. Теперь он поумнел и ведёт себя прилично. Мои бабушки и дедушки живут в России, но бабушка Оля недавно приезжала к нам в гости. Мы со старшей сестрой Олей надеемся этим летом съездить в Санкт- Петербург навестить родственников.

**Q.2. Léirthuiscint cultúir**

Scríobh aiste ghearr (**50 focal**) **i Rúisis** ar cheann **amháin** de na topaicí seo a leanas. Tabhair **cúig** shonra fhíorasacha. Bronntar marcanna as ábharthacht, as úsáid na teanga agus as struchtúr (eagrú smaointe). Scríobh síos teideal na haiste lena chur in iúl cén aiste atá á scríobh agat. (30 marc)

1. An Rúisis in Éirinn / Русский язык в Ирландии
2. Córas oideachais na Rúise / Система образования в РФ
3. Cultúr na Rúise san aonú haois is fiche / Русская культура в XXI веке
4. Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh, 2014 / Зимние олимпийские игры – 2014
5. Cúrsaí turasóireachta sa Rúis / Туризм в РФ
6. An teaghlach sa Rúis / Семья в РФ
7. Laethanta saoire sa Rúis/ Праздники в РФ

| | |
|---|---|
| ***1. ábhar*** | ***10*** |
| ***2. teanga/cumas scríofa*** | ***20*** |

***Marcáil ábhar agus teanga/cumas scríofa ar leithligh***

1. Cumarsáid/ábhar (C)

Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 10). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar neamhábhartha: cuir ábhar neamhábhartha i lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú. Ní bhronnfar aon mharcanna teanga i bhfreagraí atá neamhábhartha go hiomlán nó ina bhfuil ábhar nach féidir marcanna a bhronnadh ina leith.

Bronn dhá mharc ar a mhéad le haghaidh ábhair as ráiteas tosaigh/comhthéacsúil nó as thuairim/measúnacht (nach sonra fíorasach é).

Bronn dhá mharc as gach sonra den ábhar atá ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).

Éilítear ar iarrthóirí a chur in iúl cén cheist atá á freagairt acu. Bain marc pionóis AMHÁIN ón scór foriomlán don ábhar mura gcuireann an t-iarrthóir in iúl cén cheist atá á freagairt.

2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

- Más é 5 nó níos lú marc an ábhair [seachas sa chás gur baineadh marc pionóis agus gur laghdaíodh na marcanna ábhair go 5 dá bharr], nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 25 focal), marcáil cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle' chun é seo a léiriú.
- Má tá an cumas scríofa thar a bheith líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa comhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach go bhfuil fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach $2^{ú}$ nó $3^{ú}$ focal, marcáil cumas scríofa idir 9 agus 14 (9+10; 11+12; 13+14) agus scríobh 'A níos ísle' chun é seo a léiriú.

Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.

Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal.

Cuir líne faoi dhrochbhotúin.

Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 1 NÓ – 2).

| Marc | Ábhar<br>(2 mharc as gach sonra ábhartha) | Marc | Teanga: stór focal, cruinneas, líofacht |
|---|---|---|---|
| 9-10 | Freagra sármhaith. Thar a bheith soiléir agus eagrú éifeachtach smaointe. | 18-20<br>A níos ísle<br>13-14<br>E níos ísle<br>12-14 | Teanga atá saibhir agus casta, ina bhfuil réimse leathan de stór focal cuí. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach go hiomlán don tasc roghnaithe.<br>Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Líofa, agus léiríonn leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 7-8 | Freagra an-mhaith; smaointeoireacht shoiléir.<br>An freagra eagraithe agus forbartha go maith. | 14-17<br>A níos ísle<br>11-12<br>E níos ísle<br>10-11 | Baintear úsáid as réimse maith de stór focal chuí, le mion-earráidí sa stór focal amháin. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach de ghnáth don tasc.<br>Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. Baintear úsáid eachtrúil as struchtúir chasta, le lúb ar lár ar ócáidí. |
| 5-6 | Freagra maith. Eagrú agus forbairt lochtach in áiteanna. | 10-13<br>A níos ísle<br>9-10<br>E níos ísle<br>7-9 | Baintear úsáid as réimse den stór focal leordhóthanach ach intuartha. Roinnt mórearráidí sa stór focal.<br>Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. Níor éirigh leis na hiarrachtaí ar struchtúir chasta a láimhseáil i gcónaí. |
| 3-4 | Rinneadh roinnt pointí ábhartha. Lochtanna go minic san eagrú agus san fhorbairt. | 6-9<br>E níos ísle<br>4-6 | Roinnt eolas bunúsach ar an stór focal ach ar bheagán éagsúlachta. Stór focal míchuí go minic le béarlachas/tionchar na Gaeilge agus focail mhíchearta go minic.<br>An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga; teanga 'aistrithe' shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-2 | Freagra neamhábhartha agus as eagar tríd is tríd. | 1-5<br>E níos ísle<br>1-3 | Eolas agus réimse stór focal an-teoranta. Focail an-bhunúsach, míchuí nó mícheart. Cuid mhaith béarlachais/tionchair na Gaeilge le brath. Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Ábhar nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith*. | 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Cuir marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C) agus cumas scríofa (E / E níos ísle) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.***

| |
|---|
| C = ...<br>E / E níos ísle = ...<br>Iomlán =... |

**Q.3.** Scríbhneoireacht faoi stiúir (40 marc)

Scríobh píosa de phrós leanúnach i **Rúisis** (140 **focal**) mar fhreagra ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas. Déan deimhin de na pointí **GO LÉIR** atá liostaithe a bheith san áireamh i do fhreagra.

**1. Scríobh iontráil ar Facebook. Cuir in iúl ar do leathanach:**

a. (Tús eolais a thabhairt ort féin/sonraí pearsanta)
b. an caitheamh aimsire atá agat;
c. Cad is maith leat a bhailiú;
d. Na háiteanna ar fearr leat cuairt a thabhairt orthu;
e. Labhair faoi dhá cheann nó trí cinn de na grianghraif/físeáin a chuir tú suas.

**2. Scríobh faoi eachtra le linn d'óige nuair a thug tú cuairt ar chara.**
**Cuir na nithe seo san áireamh:**

a. Conas a chuaigh tú ann;
b. Cé a bhí in éineacht leat;
c. Rudaí a rinne tú ansin (tabhair 3 shonra);
d. Conas a bhraith tú ar theacht abhaile duit.

**3. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le dul ar ollscoil i dtír eile?**

a. Ar mhaith leat staidéar a dhéanamh thar lear?
b. Cén fáth? Cad iad na buntáistí?
c. Cén fáth nár mhaith leat? Cad iad na míbhuntáistí?

| | |
|---|---|
| Cumarsáid + ábhar | 15 |
| Úsáid teanga + cumas scríofa | 15 |
| Comhleanúnachas téacsúil | 10 |

Má fhreagraíonn iarrthóir DHÁ cheist nó NÍOS MÓ, marcáil GACH ceann agus glac leis an marc is fearr. Sa chás go bhfaigheann an t-iarrthóir lánmharcanna ar an gcéad cheist/dara ceist ní éilítear ar an scrúdaitheoir an cheist/na ceisteanna ina dhiaidh sin a mharcáil.

1. Cumarsáid/ábhar (C)

Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 15). Bain úsáid as na litreacha (A - C/D/E) nuair a bhíonn pointí ábhair ar leith á dtaispeáint agus, nuair is infheidhme, uimhreacha forscripte do phointí i ndiaidh a chéile laistigh den réimse ábhair ($A^1$, $A^2$, $A^3$); léirigh na pointí ábhair iomlána ag deireadh an cheachta (C = …). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar breise: cuir ábhar neamhábhartha idir lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.

Bronn 1 mharc as gach sonra ábhair / frása / coincheap / smaoineamh. Cinntigh go bhfuil ar a laghad sonra AMHÁIN á chur ar fáil ó gach ceann de na catagóirí A – C, A – D nó A – E.

2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

Más é 7 nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 60 focal), marcáil cumas scríofa as 10 agus scríobh 'E níos ísle' chun é seo a léiriú.

Má tá an cumas scríofa iontach líofa, le leibhéal ard éagsúlacht sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach go bhfuil fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil cumas scríofa idir 7 agus 12 (7/8 + 9+10 + 11+12) agus scríobh 'A níos ísle' chun é seo a léiriú.

Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.

| |
|---|
| Bain úsáid as líne chorrach do bhotúin litrithe agus d'earráidí sa stór focal. Cuir líne faoi dhrochbhotúin.<br>Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 2). |

| E níos ísle<br>Ex 10 | E<br>Ex 15 | **Cumas Scríofa** |
|---|---|---|
| **7-10** | **11-15** | **Stór focal,** úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Is annamh a bhíonn botúin **litrithe** ann, **gramadach** ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i bhfoircinn na mbriathra; aontuithe; úsáid cheart aimsirí... |
| **4-6** | **6-10** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Gan an iomarca dearmad **litrithe** ann. Gan mórán drochearráidí / mion-earráidí iomadúla **gramadaí**: foirmeacha briathra, aimsirí, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir. |
| **0 – 3** | **0 - 5** | **Stór focal** an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla. A lán dearmad **litrithe**, drochearráidí **gramadaí**: foirmeacha briathra mícheart go ginearálta, aimsirí gan a bheith ag teacht le chéile, neamhoiriúnach; fíorbheagán aontuithe atá ceart. |

| A níos ísle | **Cumas Scríofa** |
|---|---|
| **11-12** | **Stór focal,** úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Gan aon fhadhb le húsáid **aimsirí**, **gné** agus **tuisil**. Gan aon deacracht le **struchtúir chasta chomhréire. Ton** agus sainréim teanga iomchuí. Botúin **litrithe** coitianta, fadhbanna le teorainneacha na bhfocal. |
| **9-11** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Beagán struchtúir chasta chomhréire. Ton agus sainréim teanga neamhchuí. Úsáid gné agus aimsirí ceart go leor. |
| **7-8** | **Stór focal,** úsáid maith go leor agus de réir dhúchas na teanga, le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla. Cur isteach ó struchtúir chomhréire teanga na Gaeilge/ an Bhéarla. Fadhbanna le haimsirí, gné agus tuisil. |

**3. Comhleanúnachas téacsúil:** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an gcomhleanúnachas téacsúil/comhtháthú (**TC**) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

| Marc | Comhleanúnachas téacsúil |
|---|---|
| 9-10 | Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad. |
| 7-8 | Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| 5-6 | Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamh-uaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna. |
| 3-4 | Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| 1-2 | Cumas an-teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais iomlán sa struchtúr beagnach. |

| | |
|---|---|
| 0 | Eagraithe chomh dona sin agus an oiread sin easpa comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt. |

Cuir na marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C), cumas scríofa (E / E níos ísle) agus comhleanúnachas téacsúil (CT) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.

| |
|---|
| C = ...<br>E = …<br>TC = … |

Iomlán =…

**CLUASTUISCINT (80 marc)**

| |
|---|
| Ginearálta:<br>• Níl aon phionós ann d'ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.<br>• Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.<br>• Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.<br>• Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.<br>• Ná bronn marcanna as eolas atá ar fáil laistigh den cheist.<br>• Glac le freagraí scríofa i Rúisis.<br>• Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra (e.g. 'iomaí ciorcail' do 'iomaíocht sorcais'.) Ná bronn aon mharcanna dá mbeadh deacracht ag cainteoir Béarla nach dtuigeann Rúisis cinneadh a dhéanamh maidir le cad a chiallaíonn an Béarla. |

| |
|---|
| ***Bronn dhá mharc as gach pointe ceart/ábhartha.*** |

**ROINN I: Achoimre na Nuachta 20 marc**

**1. Tabhair dhá shonra faoin infheistíocht a rinne Elena Baturina le déanaí.**
D'infheistigh sí 7 milliún euro + (athchóiriú) óstán Morrison / pleananna le hóstán a athchóiriú / a atógáil + faoi mhí Feabhra na bliana seo chugainn + beidh Nikki O'Donnell freagrach as dearadh an óstáin nua + cheannaigh Elena an t-óstán i mí Feabhra 2012 + cheannaigh Elena an t-óstán ar 22 milliún euro

**2. Tabhair trí shonra faoin gceolchoirm a bheidh ar siúl in Amharclann an Olympia.**
Is veidhleadóir Slóvacach é Vladimir Yablokov + beidh Vladimir Yablokov ag seinm + teaghlach Vladimir ar fad ag glacadh páirte / beidh a thuismitheoirí agus a dheartháireacha agus a dheirfiúracha ag glacadh páirte leis + is ceoltóirí iad gach duine i dteaghlach Vladimir + beidh soprán / Claudia Boyle ag canadh + beidh teanór / Simon Morgan ag canadh + ceol Strauss + ceol Franz Lehár + ceol (clasaiceach) na Nollag + ticéid ó €27(.90) + tá ticéid ar fáil in oifigí an Olympia / Ticketmaster / www.ticketmaster.ie / ar líne

**3. i. Cén fáth ar bronnadh bonn ar Arthur? Tabhair sonra amháin.**
Laochas + shábháil sé saol linbh / buachalla + tharrtháil sé leanbh / buachaill ó dhumhach ghainimh / mhaidhm ghainimh / ghaineamh a bhí ag titim

**3.ii. Cá raibh Arthur ar 10 Lúnasa? Tabhair sonra amháin.**
Ar thrá + i gContae Chill Mhantáin + in Éirinn

**4. i. Cén áit ar tógadh an dealbh le honóir do Thomas Moore le déanaí? Tabhair sonra amháin.**
I ngarraí na ndealbh + Cathair Pheadair (Ollscoil Stáit Chathair Pheadair)

**4.ii. Tabhair dhá shonra faoin searmanas nuair a nochtadh an dealbh.**
(Tionscanta ag) stiúrthóir mhúsaem Nabokov / Tatyana Ponomareva + consal na hÉireann sa Rúis / Anatoliy Shashin + tacaíocht ó Ambasáid na hÉireann + tacaíocht ó ionad cultúir na hÉireann / ionad Éireannach na hOllscoile + cuireadh searmanas ar siúl an 16 Meitheamh + ar Lá Bloom

**ROINN II**

**Fógra 20 marc**

**1. Cén t-imeacht a chuirfidh tús le Seachtain na hÉireann sa Rúis? Tabhair trí shonra.**
Féile na Scannán Éireannach / Féile Scannán Éireannach +14ú-25ú Márta i bpictiúrlann "Khudozhestvenniy" / "Ealaíon" / i gCearnóg Arbatskaya / i Moscó + (14 cinn) de na scannáin Éireannacha is fearr / is cáiliúla + príomhscannáin + cláir faisnéise + gearrscannáin + (deis chun bualadh le h)aisteoirí cáiliúla Éireannacha + stiúrthóirí/léiritheoirí cáiliúla Éireannacha

**2. Beidh an príomh-imeacht ar siúl ar 17 Márta. Tabhair ceithre shonra.**
12.00-15.00 + (20ú) (Lá / Paráid) Fhéile Pádraig + ar Stariy Arbat + cóisir Éireannach lasmuigh d'Amharclann Vakhtangov + ceol Gaelach + rince Gaelach + comórtais Éireannacha + greann Éireannach + is é an carnabhal buaicphointe na paráide (ag tosú ag stáisiún meitreo Arbatskaya) + níos mó ná 7 míle duine (a fhreastalaíonn ar an imeacht de ghnáth) + a ghléasann i nglas / malaicít + fáilte roimh chách
**1 mharc:**

**3. Leanfar den cheiliúradh i gCeoláras Mhoscó. Tabhair trí shonra.**
8 n-uaire an chloig ar fad + tosaíonn Féile Mhór Idirnáisiúnta ag 16.00 + is é an láithreoir Príomh-Cheilteach na Rúise / Fedor Voznesenskiy / ceannaire TINTAL + bairillí beorach + port + ardranganna damhsa + seónna + grúpaí (iontacha) ceoil tíre (ó Éirinn agus ón Rúis) + ceol Gaelach beo ( a osclóidh an ceiliúradh) + píoba + gléasanna ceoil Ghaelaigh + Lily Neill (an príomh-aoi) / an cláirseoir is fearr sa bhliain 2006

**ROINN III**

**Agallamh 20 marc**

**1. De réir Ekaterina, cén difríocht atá idir ateangairí agus aistritheoirí? Tabhair dhá shonra.**
Aistriúcháin bhéil agus scríofa + oibríonn (aistritheoirí/roinnt aistritheoirí) le téacsanna + oibríonn (ateangairí/roinnt ateangairí/ateangairí eile) le daoine + CEANN AMHÁIN DÍOBH SEO: tá cruinneas gramadaí, litearthacht agus stór focal leathan tábhachtach d'aistritheoirí + CEANN AMHÁIN DÍOBH SEO: tá deaslabharthacht shoiléir, béasaíocht agus éadaí tábhachtach d'ateangairí

**2. Cé mhéad teanga iasachta a mbíonn aistritheoir / ateangaire ag plé leo de ghnáth? Tabhair dhá shonra.**
Méid ar bith + is leor teanga iasachta amháin do roinnt daoine + is féidir le daoine eile 3 theanga a labhairt go réidh + labhraíonn roinnt daoine 7-10 dteanga + tá aithne ag Ekaterina ar aistritheoirí a labhraíonn 9-10 dteanga iasachta agus a dhéanann aistriúcháin scríofa agus bhéil araon

**3. Tá cuid mhaith buntáistí ag baint leis an ngairm seo. Tabhair trí shonra.**
Torthaí + Taisteal + eolas a fháil ar thíortha / chultúir / thraidisiúin / ghnásanna nua + bualadh le daoine spéisiúla nua + tuarastal maith + d'fhéadfadh duine suas go dtí 8 míle dollar sa mhí a thuilleamh

**4. Tabhair trí shonra faoi shuíomh gréasáin Ekaterina.**
Tugann aistritheoirí Rúisise ó chuid mhór tíortha cuairt ar an suíomh + DHÁ CHEANN AR BITH DÍOBH SEO: an Rúis / an Úcráin / SAM / an Ghearmáin / an Fhrainc / an Bhealarúis / an Chasacstáin / an Iodáil / an Laitvia / an Ostair / an Eastóin / Iosrael / an Bhreatain Mhór / an Bheilg / Ceanada / an Pholainn / an tSualainn / an Spáinn / Poblacht na Seice / an Ollainn agus tíortha eile + tugann 500-600 duine cuairt ar an suíomh sa lá + tugann 10.5 míle duine cuairt ar an suíomh sa mhí + fóram / seomra comhrá / fóram plé + naisc le foclóirí (leictreonacha)

**ROINN IV**

**Beathaisnéis** **20 marc**

**1.i. Cé hé Andrei Makarevich? Tabhair dhá shonra.**
Ceoltóir Sóivéadach / Rúiseach + amhránaí + file + cumadóir + ealaíontóir + léiritheoir + láithreoir teilifíse + a rugadh an 11 Nollaig + a rugadh i 1953 + as Moscó

**1.ii. Tabhair dhá shonra faoina theaghlach.**
Athair / Vadim Grigoryevich = ailtire (cáiliúil) + máthair = (d'oibrigh sí sa / thiomnaigh sí a saol don) leigheas + deirfiúr níos óige / 9 mbliana eatarthu

**2. Tabhair dhá shonra faoin oideachas ceoil a fuair sé.**
Sheinntí ceol sa teach i gcónaí + thug a athair tús eolais ar cheol / ar an bpianó dó + sheinn sé an pianó (óna luath-óige) + d'éirigh sé as an bpianó + chuaigh sé go scoil cheoil (ach ní ar feadh i bhfad) + d'fhoghlaim sé conas an giotár a sheinm (ina aonar) agus é 12 (bhliain d'aois)

**3. Cén popghrúpa a chuaigh i gcion air? Tabhair sonra amháin.**
The Beatles

**4.i. Cén cháilíocht ghairmiúil a bhain Andrei amach? Tabhair sonra amháin.**
(Céim) ailtire /ealaíontóir grafaicí

**Bronn marc amháin**: dioplóma

**4. ii. Tabhair dhá shonra faoin ngrúpa a bhunaigh sé**
I 1969 a bunaíodh é + le comhscoláirí / Alexander Ivanov / Pavel Rubin / Igor Mazaev / Yuriy Borzov / le ceathrar eile + darb ainm "Mashina Vremeni" /"Time machine" / "Car machine" (*sic*) + tá sé ann fós + tá a shaol agus a ghairm ar fad ceangailte leis an ngrúpa seo + is é Makarevich "aghaidh" an ghrúpa / ceannaire an ghrúpa / scríbhneoir amhrán / cumadóir / amhránaí + thug sé turas ar fud na Rúise + bhí sé i scannáin + shínigh sé conradh i 1980 + (conradh) le Rosconcert

Leathanach Bán